Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0388(NLE)**

**5383/23**
**ADD 2**

**UK 10**
**ENER 20**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Choiste Speisialaithe an Aontais agus na Ríochta Aontaithe um Fhuinneamh arna bhunú leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, maidir le socruithe trádála leictreachais idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe |

**Iarscríbhinn I-A**

**Réamh-mholadh Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh d'oibreoirí córais tarchurtha an Aontais i gcomhair leictreachais an 22 Eanáir 2021 maidir le forbairt nósanna imeachta teicniúla chun acmhainneachtaí tarchurtha a ríomh agus a leithdháileadh chun trádáil éifeachtúil a áirithiú thar idirnascairí leictreachais faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe**

AN COIMISIÚN EORPACH

ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN FHUINNIMH

[seoltóir]

An Bhruiséil, 22 Eanáir 2021

[seolaí ag ENTSO-E]

**<u>Ábhar:</u>** Nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt chun acmhainneachtaí tarchurtha a ríomh agus a leithdháileadh chun trádáil éifeachtúil a áirithiú thar idirnascairí leictreachais tar éis an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair

A [seolaí], a chara ,

Mar is eol duit, síníodh Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ('an Comhaontú') an 30 Nollaig 2020 agus chuir na Páirtithe i bhfeidhm go sealadach é ón 1 Eanáir 2021.

Faoi Airteagal ENER.19 den Chomhaontú, ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe a áirithiú go ngabhann a n-oibreoirí córais tarchurtha i gcomhar le nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt ar shraith réimsí, lena n-áirítear úsáid idirnascairí, má mholann an Coiste Speisialaithe don Fhuinneamh é sin. Le linn na gcaibidlíochtaí, thángthas ar chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe gurb iomchuí cuid áirithe de na nósanna imeachta teicniúla sin a fhorbairt anois, agus sula dtosóidh obair an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh. Iarrtar ar ENTSO-E dá bhrí sin dréachtnósanna imeachta teicniúla a fhorbairt chun acmhainní tarchurtha a ríomh agus a leithdháileadh d'fhonn trádáil éifeachtúil a áirithiú thar na hidirnascairí leictreachais. A luaithe agus a bheidh siad ag oibriú leanfaidh an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh an obair uile a bhaineann leis an bhforbairt ar na nósanna imeachta teicniúla.

Ba cheart do na dréacht-nósanna imeachta teicniúla dul i ngleic le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta ar na creataí ama ábhartha uile.

Is é is aidhm don iarraidh sin éifeacht a thabhairt do ghnéithe d'Airteagail ENER.13, ENER.14 agus ENER.19 den Chomhaontú seo maidir le húsáid éifeachtúil an idirnaisc leictreachais, agus ba cheart é a thuiscint sa chomhthéacs sin. Go háirithe, níor cheart rannpháirtíocht ó oibreoirí córais tarchurtha sa Ríocht Aontaithe a bheith bainteach leis na nósanna imeachta teicniúla ná go dtabharfaidís rannpháirtíocht le fios iontu i nósanna imeachta an Aontais le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú.

Ba cheart do ENTSO-E na nósanna imeachta teicniúla sin a fhorbairt i gcomhar le hoibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais sa Ríocht Aontaithe i gcomhthéacs an chomhair arna bhunú sa Mheabhrán Tuisceana a bunaíodh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe d'Airteagal ENER.19 den Chomhaontú.

Tá tuilleadh mionsonraí ar cad ba cheart a áireamh sna dréacht-nósanna teicniúla leagtha amach in Iarscríbhinn 2 (ríomh acmhainneachta), Iarscríbhinn 3 (leithdháileadh acmhainneachta) agus Iarscríbhinn 4.

Go sonrach, maidir le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta don chreat ama lá roimh ré, iarraimid go n-ullmhófaí spriocshamhail Lá Roimh Ré bunaithe ar an gcoincheap de 'Cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin' atá i gcomhréir le hAirteagal ENER.14, ENER.19 agus Iarscríbhinn ENER-4 den Chomhaontú; i gcomhréir leis na forálacha sin, ba cheart dó sin tosú ar bhonn tosaíochta. Déantar aithris ar Iarscríbhinn ENER-4 a ghabhann leis an gComhaontú ag Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an litir seo.

Leagtar amach amlíne i gCuid 2 d'Iarscríbhinn ENER-4 a ghabhann leis an gComhaontú chun na nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt le haghaidh an chreata ama lá roimh ré. Tá na dátaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar an amlíne sin, atá i gcomhréir le hAirteagal FINPROV.11.3 den Chomhaontú, rinneamar an ríomh ón 1 Eanáir 2021, arb ionann é agus dáta chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe.

Chun tacú le forbairt na spriocshamhla Lá Roimh Ré, agus i gcomhréir le hIarscríbhinn ENER-4, iarraimid go ndéanfaí imlíne de na tograí agus measúnú costais is tairbhe chun measúnú a dhéanamh ar bhreisluach na spriocshamhla faoin 1 Aibreán 2021. Ba cheart na tograí imlíne agus an measúnú costais is tairbhe a fhorbairt i gcomhréir le hIarscríbhinn 5 den litir seo.

Iarraimid go gcuirfí dréacht-nósanna imeachta teicniúla faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (an Ghníomhaireacht) chun a dtuairim a fháil. Roimhe sin, iarraimid ar ENTSO-E comhairliúchán iomchuí a dhéanamh le páirtithe an mhargaidh maidir leis na dréacht-nósanna imeachta teicniúla. Tar éis an tuairim a fháil, iarraimid go gcuirfeá isteach í in éineacht leis na dréacht-nósanna imeachta teicniúla chuig an gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh agus dóthain ama a thabhairt chun é a chur ar a gcumas dóibh a bheith curtha chun feidhme faoin 1 Aibreán 2022.

Maidir le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta le haghaidh creataí ama seachas an creat ama don lá roimh ré, iarraimid ar ENTSO-E amlíne a mholadh chun na dréacht-nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt.

Táim ag seoladh cóip den litir seo chuig mo chomhghleacaí sa Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche, agus seolfaidh sé nó sí litir choibhéiseach chuig oibreoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe i gcomhair leictreachais, agus tá cóip de curtha san áireamh mar Iarscríbhinn 1 leis an litir seo.

Mise, le meas,

[síniú an tseoltóra]

Cóip

An Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche

**Iarscríbhinn 1**

Litir ó [seoltóir] sa Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche chuig oibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais sa Ríocht Aontaithe

**Iarscríbhinn 2 Ríomh acmhainneachta**

Ba cheart téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí a leagan amach sna dréacht-nósanna imeachta teicniúla maidir le hacmhainneacht idirnaisc a leithdháileadh, rud is féidir a chur ar fáil don mhargadh ina dhiaidh sin.

Ba cheart an acmhainneacht sin a ríomh ar bhealach comhordaithe thar idirnascairí leictreachais.

Ba cheart acmhainneachtaí a uasmhéadú ar fud na hidirnascairí leictreachais. Ba cheart leis an gceanglas sin:

– oibleagáidí na n-oibreoirí córais tarchurtha a chur san áireamh chun na caighdeáin sábháilteachta maidir le feidhmiú slán an ghréasáin a chomhlíonadh;

– urraim a thabhairt do theorainneacha na gcriosanna tairisceana laistigh den Aontas agus den Ríocht Aontaithe a bunaíodh faoi na creataí intíre ábhartha;

– a cheadú d'oibreoirí córais tarchurtha an Aontais cloí leis an gceanglas maidir le 70 % ar a laghad dá n-acmhainneacht a sholáthar ar theorainneacha a gcrios tairisceana laistigh den Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) 2019/943;

– foráil a dhéanamh maidir le neamh-idirdhealú idir oibreoirí córais tarchurtha san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe nuair atá acmhainneacht á ríomh;

– tacaíocht a bheith ann ó phróiseas comhordaithe le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha thar idirnascairí leictreachais, lena n-áirítear athsheoladh agus fritrádáil;

– tacaíocht a bheith ann ó shocrú cionroinnt costais idir oibreoirí córais tarchurtha na bPáirtithe a bhaineann le hathsheoladh agus fritrádáil.

A mhéid is féidir go teicniúil, glanluachálfaidh oibreoirí córais tarchurtha na bPáirtithe na ceanglais acmhainneachta d'aon sreabhadh cumhachta i dtreonna contrátha thar idirnascairí leictreachais chun na hidirnascairí a úsáid chuig a n-acmhainneacht uasta.

Maidir le ríomh acmhainneachta, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha na nithe seo a leanas ar a laghad a fhoilsiú:

– ar bhonn bliantúil: faisnéis maidir le héabhlóid fhadtéarmach an bhonneagair tarchurtha agus a thionchar ar acmhainneacht tarchurtha trasteorann;

– ar bhonn míosúil: réamhaisnéisí mí roimh ré agus bliain roimh ré maidir leis an acmhainneacht tarchurtha atá ar fáil don mhargadh, ag cur na faisnéise ábhartha uile atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha san áireamh tráth ríomh na réamhaisnéise (mar shampla, tionchar shéasúir an tsamhraidh agus an gheimhridh ar acmhainneacht línte, cothabháil an ghréasáin, infhaighteacht aonad táirgeachta, etc.);

– ar bhonn seachtainiúil: réamhaisnéisí seachtain roimh ré maidir leis an acmhainneacht tarchurtha atá ar fáil don mhargadh, ag cur na faisnéise ábhartha uile atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha san áireamh tráth ríomh na réamhaisnéise, cosúil le réamhaisnéis na haimsire, obair chothabhála atá beartaithe ar an ngréasán, infhaighteacht aonad táirgeachta, etc.;

– ar bhonn laethúil: an acmhainneacht tarchurtha lá roimh ré agus ionlae atá ar fáil don mhargadh maidir le gach aonad ama margaidh, ag cur gach ainmniúchán lá roimh ré glanluacháilte san áireamh, sceidil táirgeachta lá roimh ré, réamhaisnéisí éilimh agus obair chothabhála atá beartaithe ar an ngréasán;

– an acmhainneacht iomlán a leithdháileadh cheana, de réir aonad ama margaidh, agus gach coinníoll faoina bhféadfaí an acmhainneacht sin a úsáid (mar shampla, praghas imréitigh ceant, oibleagáidí maidir le conas an acmhainneacht a úsáid, etc.), chun aon acmhainneacht atá fágtha a shainaithint;

– acmhainneacht leithdháilte chomh luath agus is féidir tar éis gach leithdháilte, chomh maith le tásc maidir leis na praghsanna a íocadh

– an acmhainneacht iomlán a úsáideadh, de réir aonad ama margaidh, láithreach tar éis ainmniúcháin

– chomh gar agus is féidir don fhíor-am: sreafaí tráchtála agus fisiceacha réadaithe comhiomlánaithe, de réir aonad ama margaidh, lena n-áirítear tuairisc ar na héifeachtaí a bhíonn ag aon ghníomhaíocht cheartaitheach arna glacadh ag na hoibreoirí córais tarchurtha (amhail srianadh) chun fadhbanna gréasáin nó córais a réiteach

– faisnéis ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a ríomhadh nó nár ríomhadh acmhainneacht idirnascaire leictreachais agus cé acu a leithdháileadh nó nár leithdháileadh í ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gComhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe

**Iarscríbhinn 3 Leithdháileadh acmhainneachta**

Ba cheart téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí a leagan amach sna dréacht-nósanna imeachta teicniúla maidir le hacmhainneacht idirnaisc a leithdháileadh don mhargadh le haghaidh na gcreataí ama seo a leanas:

– Ar aghaidh;

– Lá roimh ré;

– Ionlae.

Ba cheart don mhodheolaíocht maidir le gach creat ama:

– foráil a dhéanamh maidir le ceantanna comhordaithe le haghaidh na n-idirnascairí leictreachais uile;

– rialacha a áireamh maidir le hainmniúchán, ciorrú, daingne, luach saothair, aistriú agus filleadh acmhainneachtaí tarchurtha arna bhfáil chomh maith le nósanna imeachta cúltaca agus cúiteamh i gcás ciorrúcháin

– rialacha a áireamh maidir le hioncam ó phlódú a dháileadh

– oibreoirí córais tarchurtha a thoirmeasc chun praghsanna cúlchiste a ghearradh i gcás nach dtarlaíonn aon phlódú ar na hidirnascairí leictreachais, mura bhfuil feidhm ag díolúine.

**Iarscríbhinn 4 - Spriocshamhail lá roimh ré: 'Cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin'**

**Cuid 1**

1. Beidh an nós imeachta nua chun acmhainneacht a leithdháileadh ar idirnascairí leictreachais ag an gcreat ama margaidh lá roimh ré bunaithe ar an gcoincheap maidir le 'cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin'. Beidh sé mar chuspóir foriomlán ag an nós imeachta nua

tairbhí na trádála a uasmhéadú. Mar chéad chéim chun an nós imeachta nua a fhorbairt, áiritheoidh na Páirtithe go n-ullmhóidh oibreoirí córais tarchurtha tograí imlíne agus measúnú costais is tairbhe.

2. Leis an gcúpláil toirte scaoilte ilréigiúin forbrófar feidhm chúplála margaidh chun na glansuíomhanna fuinnimh (leithdháileadh sainráite) a chinneadh idir:

(a) criosanna tairisceana arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/943, atá nasctha go díreach leis an Ríocht Aontaithe le hidirnascaire leictreachais; agus

(b) an Ríocht Aontaithe.

3. Ríomhfar na glansuíomhanna fuinnimh thar idirnascairí leictreachais trí phróiseas leithdháilte sainráite trí algartam sonrach a chur i bhfeidhm maidir le:

(a) tairiscintí tráchtála agus tairiscintí ar chreat ama na margaí lá roimh ré ó na criosanna tairisceana arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/943, atá nasctha go díreach leis an Ríocht Aontaithe le hidirnascaire leictreachais;

(b) tairiscintí tráchtála agus tairiscintí ar chreat ama na margaí lá roimh ré ó mhargaí ábhartha lá roimh ré sa Ríocht Aontaithe;

(c) sonraí acmhainneachta gréasáin agus cumais an chórais arna gcinneadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna gcomhaontú idir oibreoirí córais tarchurtha; agus

(d) sonraí ar shreabha tráchtála idirnasc leictreachais a bhfuil coinne leo idir criosanna tairisceana atá nasctha leis an Ríocht Aontaithe agus criosanna tairisceana eile san Aontas, arna gcinneadh ag oibreoirí córais tarchurtha an Aontais ag úsáid modheolaíochtaí láidre.

Beidh an próiseas sin comhoiriúnach le saintréithe sonracha na n-idirnascairí leictreachais reatha díreacha, lena n-áirítear caillteanais agus ceanglais rampála.

4. Déanfaidh an fheidhm chúplála margaidh na nithe seo a leanas:

(a) táirgfidh sí torthaí leordhóthanacha roimh oibriú mhargaí lá roimh ré faoi seach na bPáirtithe (i gcás an Aontais sin é an chúpláil aonair lá roimh ré a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/12221 ón gCoimisiún[1]) ionas go bhféadfaí torthaí den sórt sin a úsáid mar ionchuir sna próisis lena gcinntear na torthaí sna margaí sin;

(b) tairgfidh sé torthaí atá iontaofa agus indéanta arís is arís;

(c) próiseas sonrach a bheidh ann chun na margaí lá roimh ré ar leith agus ar leithligh a nascadh san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe; ciallaíonn sé sin go háirithe gur algartam sonrach leithleach agus ar leithligh a bheidh ann uaidh sin a úsáideadh i gcúpláil lá roimh ré amháin a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/1222 agus, maidir le tairiscintí tráchtála agus tairiscintí de chuid an Aontais, ní bheidh rochtain acu ach orthu siúd amháin ó chriosanna tairisceana atá nasctha go díreach leis an Ríocht Aontaithe le hidirnascaire leictreachais.

5. Foilseofar na glansuíomhanna fuinnimh a ríomhfar tar éis iad a bhailíochtú agus a fhíorú. Mura féidir leis an bhfeidhm chúplála margaidh oibriú nó toradh a tháirgeadh, déanfar

[1] Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú (IO AE L 197, 25.7.2015, lch. 24).

acmhainneacht idirnascaire leictreachais a leithdháileadh trí phróiseas cúltaca, agus tabharfar fógra do rannpháirtithe an mhargaidh go mbeidh feidhm ag an bpróiseas cúltaca.

6. Déanfar na costais maidir leis na nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme a chomhroinnt go cothrom idir oibreoirí córais tarchurtha ábhartha na Ríochta Aontaithe nó eintitis eile, ar thaobh amháin, agus oibreoirí córais tarchurtha ábhartha an Aontais nó eintitis eile, ar an taobh eile, mura gcinneann an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh a mhalairt.

**Cuid 2**

Beidh an amlíne le haghaidh chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo ann ó thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, mar seo a leanas:

(a) laistigh de 3 mhí – measúnú costais is tairbhe agus imlíne de thograí le haghaidh nósanna imeachta teicniúla;

(b) laistigh de 10 mí – togra le haghaidh nósanna imeachta teicniúla;

(c) laistigh de 15 mhí – teacht i ngníomh na nósanna imeachta teicniúla.

**<u>Iarscríbhinn 5: Ceanglais na dtograí imlíne agus an mheasúnaithe costais is tairbhe</u>**

Mar a leagtar amach i gCuid 1 d'Iarscríbhinn ENER - 4 den Chomhaontú, leis an gcéad chéim d'fhorbairt na socruithe nua lá roimh ré forbrófar tograí imlíne agus measúnú costais is tairbhe.

Ba cheart do na tograí imlíne:

– an dearadh ardleibhéil den réiteach cúplála toirte scaoilte ilréigiúin a leagan amach;

– róil agus freagrachtaí na bpáirtithe tionscail a shainaithint;

– plean cur chun feidhme a bheith iontu;

– aon riosca nó saincheist chur chun feidhme a aibhsiú, le moltaí maidir le conas iad sin a réiteach; agus;

– measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag difríochtaí idir córais phraghsála carbóin na bpáirtithe ar shreabha thar idirnascairí.

Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú costais is tairbhe cuspóir na socruithe chun tairbhí na trádála a uasmhéadú rud a chiallaíonn gur cheart do na socruithe trádála, laistigh de na srianta dá dtagraítear in Iarscríbhinn ENER-4 den Chomhaontú:

– a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir, agus;

– ba cheart go gcruthófaí sreabha thar idirnascairí leictreachais, faoi ghnáth-imthosca, agus iad comhsheasmhach leis na praghsanna i margaí lá roimh ré na bPáirtithe.

**Iarscríbhinn I-B**

**Réamh-mholadh Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe d'oibreoir córais tarchurtha i gcomhair leictreachais an 22 Eanáir 2021 maidir le forbairt nósanna imeachta teicniúla chun acmhainneachtaí tarchurtha a ríomh agus a leithdháileadh chun trádáil éifeachtúil a áirithiú thar idirnascairí leictreachais faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe**

Department for
Business, Energy
& Industrial Strategy

[seoltóir ag an Roinn Gnó, Fuinnimh & Straitéise Tionsclaíche]

[seolaí ag Oibreoir Córais Tarchurtha na Ríochta Aontaithe i gcomhair leictreachais]

Dé hAoine, an 22 Eanáir 2021

A [seolaí], a chara ,

**Nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt chun acmhainneachtaí tarchurtha a ríomh agus a leithdháileadh chun trádáil éifeachtúil a áirithiú thar idirnascairí leictreachais tar éis an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe**

Mar is eol duit, síníodh Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, ('an Comhaontú') an 30 Nollaig 2020 agus chuir na Páirtithe i bhfeidhm go sealadach é ón 1 Eanáir 2021. Faoi Airteagal ENER.19 den Chomhaontú, ní mór don Aontas agus don Ríocht Aontaithe a áirithiú go ngabhann a n-oibreoirí córais tarchurtha i gcomhar le nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt ar shraith réimsí, lena n-áirítear úsáid idirnascairí, má mholann an Coiste Speisialaithe don Fhuinneamh é sin. Le linn na gcaibidlíochtaí, thángthas ar chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe gurb iomchuí cuid áirithe de na nósanna imeachta teicniúla sin a fhorbairt anois, agus sula dtosóidh obair an Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh. Iarrtar ar oibreoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe dá bhrí sin dréacht-nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt chun acmhainní tarchurtha a ríomh agus a leithdháileadh d'fhonn trádáil éifeachtúil a áirithiú thar idirnascairí leictreachais. A luaithe agus a bheidh siad ag oibriú leanfaidh an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh an obair uile a bhaineann leis an bhforbairt ar na nósanna imeachta teicniúla.

Ba cheart do na dréacht-nósanna imeachta teicniúla dul i ngleic le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta ar na creataí ama ábhartha uile.

Is é is aidhm don iarraidh sin éifeacht a thabhairt do ghnéithe d'Airteagail ENER.13, ENER.14 agus ENER.19 den Chomhaontú seo maidir le húsáid éifeachtúil an idirnaisc leictreachais, agus ba cheart é a thuiscint sa chomhthéacs sin. Go háirithe, níor cheart rannpháirtíocht ó oibreoirí córais tarchurtha sa Ríocht Aontaithe a bheith bainteach leis na nósanna imeachta teicniúla ná go dtabharfaidís rannpháirtíocht le fios iontu i nósanna imeachta an Aontais le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú.

Ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe na nósanna imeachta teicniúla sin a fhorbairt i gcomhar le ENTSO-E i gcomhthéacs an chomhair arna bhunú sa Mheabhrán Tuisceana a bunaíodh chun éifeacht a thabhairt do ghnéithe d'Airteagal ENER.19 den Chomhaontú.

Tá tuilleadh mionsonraí ar cad ba cheart a áireamh sna dréacht-nósanna teicniúla leagtha amach in Iarscríbhinn 2 (ríomh acmhainneachta), Iarscríbhinn 3 (leithdháileadh acmhainneachta) agus Iarscríbhinn 4.

Go sonrach, maidir le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta don chreat ama lá roimh ré, iarraimid go n-ullmhófaí spriocshamhail Lá Roimh Ré bunaithe ar an gcoincheap de 'Cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin' atá i gcomhréir le hAirteagal ENER.14, ENER.19 agus Iarscríbhinn ENER-4 den Chomhaontú; i gcomhréir leis na forálacha sin, ba cheart dó sin tosú ar bhonn tosaíochta. Déantar aithris ar Iarscríbhinn ENER—4 a ghabhann leis an gComhaontú ag Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an litir seo.

Leagtar amach amlíne i gCuid 2 d'Iarscríbhinn ENER-4 a ghabhann leis an gComhaontú chun na nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt le haghaidh an chreata ama lá roimh ré. Tá na dátaí atá leagtha amach thíos bunaithe ar an amlíne sin, atá i gcomhréir le hAirteagal FINPROV.11.3 den Chomhaontú, rinneamar an ríomh ón 1 Eanáir 2021, arb ionann é agus dáta chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe.

Chun tacú le forbairt na spriocshamhla Lá Roimh Ré, agus i gcomhréir le hIarscríbhinn ENER-4, iarraimid go ndéanfaí imlíne de na tograí agus measúnú costais is tairbhe chun measúnú a dhéanamh ar bhreisluach na spriocshamhla faoin 1 Aibreán 2021. Ba cheart na tograí imlíne agus an measúnú costais is tairbhe a fhorbairt i gcomhréir le hIarscríbhinn 5 den litir seo.

Iarraimid go gcuirfí dréacht-nósanna imeachta teicniúla faoi bhráid údaráis rialála na Ríochta Aontaithe chun a dtuairim a fháil. Roimhe sin, iarraimid ar oibreoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe comhairliúchán iomchuí a dhéanamh le páirtithe an mhargaidh maidir leis na dréacht-nósanna imeachta teicniúla. Tar éis an tuairim a fháil, iarraimid go gcuirfeá isteach í in éineacht leis na dréacht-nósanna imeachta teicniúla chuig an gCoiste Speisialaithe um Fhuinneamh agus dóthain ama a thabhairt chun é a chur ar a gcumas dóibh a bheith curtha chun feidhme faoin 1 Aibreán 2022.

Maidir le ríomh acmhainneachta agus leithdháileadh acmhainneachta le haghaidh creataí ama seachas an creat ama lá roimh ré, iarraimid ar oibreoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe i gcomhair leictreachais amlíne a mholadh don Choiste Speisialaithe um Fhuinneamh chun na dréacht-nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt.

Táim ag seoladh cóip den litir seo chuig mo chomhghleacaí in Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh, a bheidh ag seoladh litir choibhéiseach chuig ENTSO-E, agus tá cóip de curtha san áireamh mar Iarscríbhinn 1 leis an litir seo.

Mise, le meas,

[síniú an tseoltóra]

Cóip

Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh an Choimisiúin Eorpaigh

**Iarscríbhinn 1**

Litir ó Ard-Stiúrthóireacht um Fhuinneamh an Choimisiúin Eorpaigh chuig ENTSO-E

**Iarscríbhinn 2 Ríomh acmhainneachta**

Ba cheart téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí a leagan amach sna dréacht-nósanna imeachta teicniúla maidir le hacmhainneacht idirnaisc a leithdháileadh, rud is féidir a chur ar fáil don mhargadh ina dhiaidh sin.

Ba cheart an acmhainneacht sin a ríomh ar bhealach comhordaithe thar idirnascairí leictreachais.

Ba cheart acmhainneachtaí a uasmhéadú ar fud na hidirnascairí leictreachais. Ba cheart leis an gceanglas sin:

– oibleagáidí na n-oibreoirí córais tarchurtha a chur san áireamh chun na caighdeáin sábháilteachta maidir le feidhmiú slán an ghréasáin a chomhlíonadh;

– urraim a thabhairt do theorainneacha na gcriosanna tairisceana laistigh den Aontas agus den Ríocht Aontaithe a bunaíodh faoi na creataí intíre ábhartha;

– a cheadú d'oibreoirí córais tarchurtha an Aontais cloí leis an gceanglas maidir le 70 % ar a laghad dá n-acmhainneacht a sholáthar ar theorainneacha a gcrios tairisceana laistigh den Aontas mar a leagtar amach in Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) 2019/943;

– foráil a dhéanamh maidir le neamh-idirdhealú idir oibreoirí córais tarchurtha san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe nuair atá acmhainneacht á ríomh;

– tacaíocht a bheith ann ó phróiseas comhordaithe le haghaidh gníomhaíochtaí ceartaitheacha thar idirnascairí leictreachais, lena n-áirítear athsheoladh agus fritrádáil;

– tacaíocht a bheith ann ó shocrú cionroinnt costais idir oibreoirí córais tarchurtha na bPáirtithe a bhaineann le hathsheoladh agus fritrádáil;

A mhéid is féidir go teicniúil, glanluachálfaidh oibreoirí córais tarchurtha na bPáirtithe na ceanglais acmhainneachta d'aon sreabhadh cumhachta i dtreonna contrátha thar idirnascairí leictreachais chun na hidirnascairí a úsáid chuig a n-acmhainneacht uasta.

Maidir le ríomh acmhainneachta, ba cheart d'oibreoirí córais tarchurtha na nithe seo a leanas ar a laghad a fhoilsiú:

– ar bhonn bliantúil: faisnéis maidir le héabhlóid fhadtéarmach an bhonneagair tarchurtha agus a thionchar ar acmhainneacht tarchurtha trasteorann;

– ar bhonn míosúil: réamhaisnéisí mí roimh ré agus bliain roimh ré maidir leis an acmhainneacht tarchurtha atá ar fáil don mhargadh, ag cur na faisnéise ábhartha uile atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha san áireamh tráth ríomh na réamhaisnéise (mar shampla, tionchar shéasúir an tsamhraidh agus an gheimhridh ar acmhainneacht línte, cothabháil an ghréasáin, infhaighteacht aonad táirgeachta, etc.);

– ar bhonn seachtainiúil: réamhaisnéisí seachtain roimh ré maidir leis an acmhainneacht tarchurtha atá ar fáil don mhargadh, ag cur na faisnéise ábhartha uile atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha san áireamh tráth ríomh na réamhaisnéise, cosúil le réamhaisnéis na haimsire, obair chothabhála atá beartaithe ar an ngréasán, infhaighteacht aonad táirgeachta, etc.;

– ar bhonn laethúil: an acmhainneacht tarchurtha lá roimh ré agus ionlae atá ar fáil don mhargadh maidir le gach aonad ama margaidh, ag cur gach ainmniúchán lá roimh ré glanluacháilte san áireamh, sceidil táirgeachta lá roimh ré, réamhaisnéisí éilimh agus obair chothabhála atá beartaithe ar an ngréasán;

– an acmhainneacht iomlán a leithdháileadh cheana, de réir aonad ama margaidh, agus gach coinníoll faoina bhféadfaí an acmhainneacht sin a úsáid (mar shampla, praghas imréitigh ceant, oibleagáidí maidir le conas an acmhainneacht a úsáid, etc.), chun aon acmhainneacht atá fágtha a shainaithint;

– acmhainneacht leithdháilte chomh luath agus is féidir tar éis gach leithdháilte, chomh maith le tásc maidir leis na praghsanna a íocadh

– an acmhainneacht iomlán a úsáideadh, de réir aonad ama margaidh, láithreach tar éis ainmniúcháin;

– chomh gar agus is féidir don fhíor-am: sreafaí tráchtála agus fisiceacha réadaithe comhiomlánaithe, de réir aonad ama margaidh, lena n-áirítear tuairisc ar na héifeachtaí a bhíonn ag aon ghníomhaíocht cheartaitheach arna glacadh ag na hoibreoirí córais tarchurtha (cosúil le srianadh) chun fadhbanna gréasáin nó córais a réiteach;

– faisnéis ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a ríomhadh acmhainneacht idirnascaire leictreachais agus cé acu a leithdháileadh í ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gComhaontú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

**Iarscríbhinn 3 Leithdháileadh acmhainneachta**

Ba cheart téarmaí, coinníollacha agus modheolaíochtaí a leagan amach sna dréacht-nósanna imeachta teicniúla maidir le hacmhainneacht idirnaisc a leithdháileadh don mhargadh le haghaidh na gcreataí ama seo a leanas:

– Ar aghaidh;

– Lá roimh ré;

– Ionlae.

Ba cheart don mhodheolaíocht maidir le gach creat ama:

– foráil a dhéanamh maidir le ceantanna comhordaithe le haghaidh na n-idirnascairí leictreachais uile;

– rialacha a áireamh maidir le hainmniúchán, ciorrú, daingne, luach saothair, aistriú agus filleadh acmhainneachtaí tarchurtha arna bhfáil chomh maith le nósanna imeachta cúltaca agus cúiteamh i gcás ciorrúcháin – rialacha a áireamh maidir le hioncam ó phlódú a dháileadh

– oibreoirí córais tarchurtha a thoirmeasc chun praghsanna cúlchiste a ghearradh i gcás nach dtarlaíonn aon phlódú ar na hidirnascairí leictreachais, mura bhfuil feidhm ag díolúine.

**Iarscríbhinn 4 - Spriocshamhail lá roimh ré: 'Cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin'**

**Cuid 1**

1. Beidh an nós imeachta nua chun acmhainneacht a leithdháileadh ar idirnascairí leictreachais ag an gcreat ama margaidh lá roimh ré bunaithe ar an gcoincheap maidir le 'cúpláil toirte scaoilte ilréigiúin'. Beidh sé mar chuspóir foriomlán ag an nós imeachta nua tairbhí na trádála a uasmhéadú. Mar chéad chéim chun an nós imeachta nua a fhorbairt, áiritheoidh na Páirtithe go n-ullmhóidh oibreoirí córais tarchurtha tograí imlíne agus measúnú costais is tairbhe.

2. Leis an gcúpláil toirte scaoilte ilréigiúin forbrófar feidhm chúplála margaidh chun na glansuíomhanna fuinnimh (leithdháileadh sainráite) a chinneadh idir:

(a) criosanna tairisceana arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/943, atá nasctha go díreach leis an Ríocht Aontaithe le hidirnascaire leictreachais; agus

(b) an Ríocht Aontaithe.

3. Ríomhfar na glansuíomhanna fuinnimh thar idirnascairí leictreachais trí phróiseas leithdháilte sainráite trí algartam sonrach a chur i bhfeidhm maidir le:

(a) tairiscintí tráchtála agus tairiscintí ar chreat ama na margaí lá roimh ré ó na criosanna tairisceana arna mbunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/943, atá nasctha go díreach leis an Ríocht Aontaithe le hidirnascaire leictreachais;

(b) tairiscintí tráchtála agus tairiscintí ar chreat ama na margaí lá roimh ré ó mhargaí ábhartha lá roimh ré sa Ríocht Aontaithe;

(c) sonraí acmhainneachta gréasáin agus cumais an chórais arna gcinneadh i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna gcomhaontú idir oibreoirí córais tarchurtha; agus

(d) sonraí ar shreabha tráchtála idirnasc leictreachais a bhfuil coinne leo idir criosanna tairisceana atá nasctha leis an Ríocht Aontaithe agus criosanna tairisceana eile san Aontas, arna gcinneadh ag oibreoirí córais tarchurtha an Aontais ag úsáid modheolaíochtaí láidre.

Beidh an próiseas sin comhoiriúnach le saintréithe sonracha na n-idirnascairí leictreachais reatha díreacha, lena n-áirítear caillteanais agus ceanglais rampála.

4. Déanfaidh an fheidhm chúplála margaidh na nithe seo a leanas:

(a) táirgfidh sí torthaí leordhóthanacha roimh oibriú mhargaí lá roimh ré faoi seach na bPáirtithe (i gcás an Aontais sin é an chúpláil aonair lá roimh ré a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/12221 ón gCoimisiún[1]) ionas go bhféadfaí torthaí den sórt sin a úsáid mar ionchuir sna próisis lena gcinntear na torthaí sna margaí sin;

(b) tairgfidh sé torthaí atá iontaofa agus indéanta arís is arís;

(c) próiseas sonrach a bheidh ann chun na margaí lá roimh ré ar leith agus ar leithligh a nascadh san Aontas agus sa Ríocht Aontaithe; ciallaíonn sé sin go háirithe gur algartam sonrach leithleach agus ar leithligh a bheidh ann uaidh sin a úsáideadh i gcúpláil lá roimh ré amháin a bunaíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/1222 agus, maidir le tairiscintí tráchtála agus tairiscintí de chuid an Aontais, ní bheidh rochtain acu ach orthu siúd amháin ó chriosanna tairisceana atá nasctha go díreach leis an Ríocht Aontaithe le hidirnascaire leictreachais.

5. Foilseofar na glansuíomhanna fuinnimh a ríomhfar tar éis iad a bhailíochtú agus a fhíorú. Mura féidir leis an bhfeidhm chúplála margaidh oibriú nó toradh a tháirgeadh, déanfar acmhainneacht idirnascaire leictreachais a leithdháileadh trí phróiseas cúltaca, agus tabharfar fógra do rannpháirtithe an mhargaidh go mbeidh feidhm ag an bpróiseas cúltaca.

---

[1] Rialachán (AE) 2015/1222 an 24 Iúil 2015 ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus le bainistiú ar phlódú (IO AE L 197, 25.7.2015, lch. 24).

6. Déanfar na costais maidir leis na nósanna imeachta teicniúla a fhorbairt agus a chur chun feidhme a chomhroinnt go cothrom idir oibreoirí córais tarchurtha ábhartha na Ríochta Aontaithe nó eintitis eile, ar thaobh amháin, agus oibreoirí córais tarchurtha ábhartha an Aontais nó eintitis eile, ar an taobh eile, mura gcinneann an Coiste Speisialaithe um Fhuinneamh a mhalairt.

**Cuid 2**

Beidh an amlíne le haghaidh chur chun feidhme na hIarscríbhinne seo ann ó thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, mar seo a leanas:

(a) laistigh de 3 mhí – measúnú costais is tairbhe agus imlíne de thograí le haghaidh nósanna imeachta teicniúla;

(b) laistigh de 10 mí – togra le haghaidh nósanna imeachta teicniúla;

(c) laistigh de 15 mhí – teacht i ngníomh na nósanna imeachta teicniúla.

**Iarscríbhinn 5: Ceanglais na dtograí imlíne agus an mheasúnaithe costais is tairbhe**

Mar a leagtar amach i gCuid 1 d’Iarscríbhinn ENER - 4 den Chomhaontú, leis an gcéad chéim d’fhorbairt na socruithe nua lá roimh ré forbrófar tograí imlíne agus measúnú costais is tairbhe.

Ba cheart do na tograí imlíne:

– an dearadh ardleibhéil den réiteach cúplála toirte scaoilte ilréigiúin a leagan amach;

– róil agus freagrachtaí na bpáirtithe tionscail a shainaithint;

– plean cur chun feidhme a bheith iontu;

– aon riosca nó saincheist chur chun feidhme a aibhsiú, le moltaí maidir le conas iad sin a réiteach; agus

– measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag difríochtaí idir córais phraghsála carbóin na bpáirtithe ar shreabha thar idirnascairí.

Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú costais is tairbhe cuspóir na socruithe chun tairbhí na trádála a uasmhéadú rud a chiallaíonn gur cheart do na socruithe trádála, laistigh de na srianta dá dtagraítear in Iarscríbhinn ENER-4 den Chomhaontú:

– a bheith chomh héifeachtúil agus is féidir, agus;

– ba cheart go gcruthófaí sreabha thar idirnascairí leictreachais, faoi ghnáth-imthosca, agus iad comhsheasmhach leis na praghsanna i margaí lá roimh ré na bPáirtithe.

## Iarscríbhinn II

**Dréachtlitir ó Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh agus ó Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe dá n-oibreoirí córais tarchurtha i gcomhair leictreachais faoi seach ag iarraidh faisnéis bhreise a sholáthar i bhfianaise nósanna imeachta teicniúla a ullmhú le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú ag an gcreat ama lá roimh ré faoin gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe**

[seoladh oibreoir córais tarchurtha i gcomhair leictreachais an Aontais nó na Ríochta Aontaithe]

[dáta]

Ábhar: Iarraidh ar fhaisnéis bhreise i bhfianaise nósanna imeachta teicniúla a ullmhú le haghaidh leithdháileadh acmhainneachta agus bainistiú ar phlódú ag an gcreat ama lá roimh ré faoi Chomhaontú Trádála agus Comhair an Aontais Eorpaigh-na Ríochta Aontaithe

A [ionadchoinneálaí: seolaí], a chara,

Go raibh maith agat as do chuid oibre ag forchéimniú chur chun feidhme Theideal Fuinnimh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair agus go háirithe foilsiú an mheasúnaithe costais is tairbhe agus an togra imlíne arna thacú ag tuairim [ionadchoinneálaí: rialtóirí náisiúnta na Ríochta Aontaithe [nó] ACER] i mí Aibreáin 2021.

Tar éis chruinniú den Choiste Speisialaithe don Fhuinneamh an 30 Márta 2022 agus a Mholadh [ionadchoinneálaí: Uimh. X/202x] arna dhéanamh an [ionadchoinneálaí: dáta], [ionadchoinneálaí: iarrann Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe [nó] Ard-Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin Eorpaigh] go soláthrófá freagraí ar na ceisteanna a leagtar amach san iarscríbhinn a ghabhann leis an litir seo laistigh de 5 mhí tar éis na litreach seo a fháil, i ndlúthchomhar leis na páirtithe ábhartha (e.g. malairtí cumhachta, oibreoirí ainmnithe margaidh leictreachais, tithe imréitigh) agus anailís á dhéanamh chun indéantacht na gcásanna a mheas.

Ba cheart do [ionadchoinneálaí: oibreoir córais tarchurtha [nó] ENTSO-E, agus é ag éascú obair oibreoirí córais tarchurtha an Aontais,] tuairim neamhfhoirmiúil an [ionadchoinneálaí: rialtóirí fuinnimh náisiúnta na Ríochta Aontaithe [nó] ACER] a iarraidh maidir leis an bhfaisnéis bhreise sin agus í a chur isteach leis na freagraí ar na ceisteanna a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Baineann na ceisteanna san Iarscríbhinn le hullmhú na nósanna imeachta teicniúla maidir le leithdháileadh acmhainne agus bainistiú ar phlódú san amchlár lá dár gcionn. Ba cheart aon fhaisnéis mbeadh ort a fháil ó thríú páirtithe a phróiseáil ar mhaithe le freagra a thabhairt ar na ceisteanna sin agus ba cheart rúndacht na faisnéise sin a chosaint chun nach nochtfaí iad má iarrann an tríú páirtí amhlaidh. Áiritheoidh [ionadchoinneálaí: iarrann Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe [nó] Ard- Stiúrthóireacht Fuinnimh an Choimisiúin

Eorpaigh] go n-úsáidfear aon fhaisnéis a gheofar sa fhreagra ar an litir seo chun na críche sin amháin. Pléifear go rúnda le haon fhaisnéis a shainaithnítear mar fhaisnéis rúnda nó íogair ó thaobh na tráchtála de agus coimeádfaidh sé í agus déanfaidh sé í a chosaint chun nach nochtfaí í, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme, mura bhfuil cead sonrach faighte ag sealbhóir na gceart chun í a chur ar fáil.

Ba mhaith liom roimh ré buíochas a ghlacadh leat as d'iarracht bhreise maidir leis an ábhar seo.

[síniú]

Cc: [seoltóir ag Ard- Stiúrthóireacht um Fhuinneamh an Choimisiúin Eorpaigh nó, mar is iomchuí, ag Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche Rialtas na Ríochta Aontaithe]

Iarscríbhinn

Comhthéacs: Baineann na ceisteanna seo a leanas leis na roghanna a leagann oibreoirí córais tarchurtha na Ríochta Aontaithe agus an Aontais amach sa mheasúnú costais is tairbhe a foilsíodh i mí Aibreáin 2021. Tabhair faoi deara go gceanglaítear le pointe 3 d'Iarscríbhinn 29 den Chomhaontú Trádála agus Comhair go ndéanfaí glansuíomhanna fuinnimh ar idirnascairí leictreachais a ríomh trí phróiseas leithdháilte sainráite trí algartam sonrach a chur i bhfeidhm lena n-áirítear tairiscintí tráchtála agus tairiscintí ar chreat ama na margaí lá roimh ré ó mhargaí ábhartha lá roimh ré sa Ríocht Aontaithe. Sainaithníodh i measúnú costais is tairbhe chóras tarchurtha na Ríochta Aontaithe agus an Aontais go bhfuil praghas GB aonair an-inmhianaithe le haghaidh cur chun feidhme éifeachtúil na cúplála toirte scaoilte ilréigiúin (MRLVC) i ngach rogha deartha MRLVC. I mí Mheán Fómhair 2021, chuir BEIS tús le comhairliúchán chun tuairimí a lorg maidir leis na socruithe reatha le haghaidh trádáil leictreachais ar mhalairtí cumhachta i margadh mórdhíola leictreachais na Breataine Móire agus ár dtograí chun tacú le trádáil éifeachtúil trasteorann. Go háirithe, leag BEIS cur chuige ardleibhéil amach le haghaidh cúpláil ceantanna lá roimh ré laethúla sonracha, a d'úsáidfí mar na 'margaí ábhartha lá roimh ré' chun críocha Iarscríbhinn 29 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus é mar aidhm tuairimí páirtithe leasmhara a lorg ar cé acu ar cheart nó nár cheart é sin a chur chun feidhme, agus má dhéantar conas é sin a dhéanamh sa chleachtas. Cuireadh clabhsúr leis an gcomhairliúchán sin i mí na Samhna 2021, agus foilseoidh Rialtas na Ríochta Aontaithe freagairt sa ghnáthchúrsa.

1. Maidir le rogha an Leabhair Orduithe Shealadaigh arna shainaithint ag oibreoirí córais tarchurtha:

(a) Cén chion d'orduithe le haghaidh Cúpláil Aonair Lá Roimh Ré (SDAC) a chuirtear isteach de ghnáth le linn na 15 nóiméad deiridh roimh Am Dúnta an Gheata (GTC), cén raon ina mbíonn an chion sin laistigh de, agus an bhfuil spreagthóirí sonracha ann le haghaidh rannpháirtithe margaidh chun a gcuid orduithe a chur isteach agus an bhféadfadh na spreagthóirí sin athrú de thoradh Rogha Leabhair Orduithe Shealadaigh a chur chun feidhme?

(b) Cé chomh mór agus a bheadh tionchar ag an gcion orduithe a cuireadh isteach le linn na 15 nóiméad deiridh roimh SDAC GCT ar na sreabha idirnascaire a bheith comhsheasmhach leis na praghsanna i margaí lá roimh ré na bPáirtithe?

(c) An maolódh an rogha sin go hiomlán aon cheann de na saincheisteanna uainiúcháin arna sainaithint le Roghanna an Leabhair Orduithe Choiteann nó an bhfuil na saincheisteanna sin fós le sárú acu? Ba cheart aon tionchar oibriúcháin agus riosca oibriúcháin a mhíniú go hiomlán agus bunús a thabhairt dóibh.

(d) An soláthraíonn ceanglais Airteagal 305 (Toirmeasc ar mhí-úsáid margaidh maidir leis an margadh leictreachais agus gáis mórdhíola) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maolú leordhóthanach maidir leis na rioscaí a bhaineann le hionramháil margaidh arna shainaithint mar cheann a eascraíonn faoi rogha an leabhair Orduithe Shealadaigh? Ba cheart aon riosca iarmharach d'ionramháil an mhargaidh a mhíniú go hiomlán agus bunús a thabhairt dó.

(e) An bhfuil gníomhaíochtaí, ceanglais, nó oibleagáidí breise ann, lena n-áirítear iad sin atá ag údaráis rialála nó rannpháirtithe margaidh, oibreoirí córais tarchurtha, nó oibreoirí margaidh, a d'fhéadfaí a bhunú chun maoluithe breise a sholáthar don riosca ionramháil margaidh arna shainaithint le rogha an Leabhair Orduithe Shealadaigh? Ba cheart aon riosca iarmharach d'ionramháil an mhargaidh a mhíniú go hiomlán agus bunús a thabhairt dó.

2. Maidir le roghanna an Leabhair Orduithe Choiteann arna sainaithint ag oibreoirí córais tarchurtha:

(a) Cad é an raon iomlán roghanna lena bhféadfaí a cheadú do phróisis ríofa MRLVC MCO a reáchtáil idir SDAC GCT ag 12:00 CET agus foilsiú thorthaí SDAC ag 13:00 CET, lena n-áirítear aon rogha lena gceadaítear do phróisis ríofa MRLVC MCO iad a reáchtáil comhthreomhar le gnéithe de SDAC?

Cad iad na buntáistí/míbhuntáistí idir na roghanna sin, lena n-áirítear:

(1) tionchar féideartha maidir le hoibriú SDAC agus na próisis chúltaca, (i.e. rioscaí díchúplála SDAC);

(2) an tionchar ar oibreoirí córais tarchurtha, ar oibreoirí margaidh, agus rannpháirtithe an mhargaidh

Ba cheart aon tionchar oibriúcháin agus riosca oibriúcháin a mhíniú go hiomlán agus bunús a thabhairt dóibh.

(b) Le haghaidh roghanna breise eile den leabhar orduithe coiteann arna sainaithint ag oibreoirí córais tarchurtha sa mheasúnú costais is tairbhe (athrú ar uainiú SDAC GCT agus/nó foilsiú torthaí SDAC), cad iad na buntáistí/míbhuntáistí idir na roghanna sin, lena n-áirítear:

(1) tionchar na bpróiseas roimh ré (e.g. ríomh acmhainneachta) agus tar éis SDAC (e.g. margaí ionlae/ margaí um chothromú);

(2) an tionchar ar oibreoirí córais tarchurtha, ar oibreoirí margaidh agus an tionchar a bheidh ag aon am méadaithe idir torthaí SDAC GCT agus SDAC ar rannpháirtithe an mhargaidh.

Ba cheart aon tionchar oibriúcháin agus riosca oibriúcháin a mhíniú go hiomlán agus bunús a thabhairt dóibh.

3. Maidir le roghanna an Leabhair Orduithe Shealadaigh agus an Leabhair Orduithe Choiteann araon:

(a) Cad iad na próisis dhifriúla is gá chun an ríomh MRLVC MCO a fheidhmiú, agus cad é an raon a bheadh de dhíth le haghaidh gach ceann de na próisis sin? Ba cheart aon raon i gcreat ama féideartha a mhíniú go hiomlán agus bunús a thabhairt leo.

(b) Soláthair moladh imlíne le haghaidh Modheolaíocht Chrios Tairisceana Teorann (BBZ) chun réamhaisnéis cruinn agus stóinsithe a shuí. Agus é sin á leagan amach, áirigh, le do thoil;

(1) na príomh-saincheisteanna, na prionsabail, agus na paraiméadair (lena n-áirítear sonraí ionchuir, aschuir, agus an úsáid a bhaintear as aschuir in MRLVC) ar gá aghaidh a thabhairt orthu agus arna mbunú leis an Modheolaíocht BBZ, agus;

(2) scála ama a bhféadfaí an modheolaíocht a bhunú agus a chur i mbun oibre laistigh dó.

(3) réamh-mheasúnú cáilíochtúil maidir le conas atá coinne leis go bhfeidhmeoidh an modheolaíocht BBZ i gcomhar le MRLVC, i gcomparáid le torthaí an leithdháilte acmhainneachta trí cheantanna sainráite chun socruithe trádála níos éifeachtúla a sheachadadh, agus, go háirithe, cé na coinníollacha faoina gcruthaíonn an modheolaíocht atá beartaithe i gcomhar le MRLVC níos fearr ná ceantanna sainráite.

(c) Cur chun feidhme

(1) Cad iad na céimeanna mionsonraithe a éilítear chun gnéithe uile roghanna an Leabhair Orduithe Shealadaigh agus an Leabhair Orduithe Choiteann araon a chur chun feidhme, lena n-áirítear próisis chun feidhmíocht MRLVC a thástáil agus a fhíorú roimh oibriú iomlán, róil agus freagrachtaí na n-oibreoirí córais tarchurtha, oibreoirí margaidh, agus rannpháirtithe margaidh, conas a d'fhéadfaí na gnéithe sin a chur chun feidhme san achar ama is giorra, agus conas a d'fhéadfadh struchtúr agus inneachar na nósanna imeachta teicniúla an tacaíocht is fearr a thabhairt don chur chun feidhme éifeachtúil?

(2) Tabhair amlíne réadúil le haghaidh chur chun feidhme le haghaidh gach rogha (ba cheart forbairtí reatha agus bunaithe don todhchaí a chur san áireamh in amlíne den sórt sin agus ba cheart na céimeanna uile is gá a áireamh ann amhail comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, córais nua TF a chur chun feidhme le haghaidh MRLVC MCO, céimeanna tástála, próisis rialachais, etc.).

(3) Cad iad na costais dhírithe a bheartaítear maidir le MRLVC a chur chun feidhme agus a oibriú le haghaidh na róil agus na feidhmeanna difriúla is gá le haghaidh MRLVC?